Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**12945/18**

**TELECOM 329**
**TRANS 437**
**FIN 771**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Deireadh Fómhair 2018 |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12169/1/18 REV 1 TELECOM 291 TRANS 385 FIN 664 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal Public Private Partnerships in the EU: Widespread shortcoming and limited benefits [Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí san Aontas: Sochair theoranta agus easnaimh fhorleathana]<br>- conclúidí ón gComhairle (9 Deireadh Fómhair 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Public Private Partnerships in the EU:Widespread shortcomings and limited benefit* [Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí san Aontas: Sochair theoranta agus easnaimh fhorleathana], a ghlac an Chomhairle (Comhshaol) ag an 3640ú cruinniú a bhí aici ar an 9 Deireadh Fómhair.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Public Private Partnerships in the EU: Widespread shortcomings and limited benefits* [Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí san Aontas: Sochair theoranta agus easnaimh fhorleathana]**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG MEABHRÚ DI

– a conclúidí maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nóis imeachta urscaoilte[1];

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Public Private Partnerships in the EU: Widespread shortcomings and limited benefits* [Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí san Aontas: Sochair theoranta agus easnaimh fhorleathana][2];

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta agus AITHNÍONN SÍ go háirithe:

   - gur cuireadh moill ar fhorbairt roinnt tionscadal a ndearnadh iniúchadh orthu agus go rabhthas neamhéifeachtúil á bhforbairt;
   - go raibh na cásanna pleanála, i gcásanna áirithe, bunaithe ar anailísí ina ndearnadh an t-éileamh le haghaidh an bhonneagair nua a bheadh ann amach anseo a rómheas;
   - nach raibh an cinneadh le foirm comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPP) a úsáid bunaithe i gcónaí ar anailís mhionsonraithe ar na roghanna agus na rioscaí;
   - go bhfuil leibhéal seirbhíse agus leibhéal cothabhála an bhonneagair nua ard go ginearálta.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na freagraí ón gCoimisiún a ghabhann leis an Tuarascáil Speisialta agus easaontas an Choimisiúin maidir le Moladh 5.

---

[1] 7515/00 + COR 1.

[2] WK 6764/2018 INIT

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh sé go raibh leibhéal caiteachais phoiblí níos airde ann don leibhéal céanna seirbhíse mar thoradh ar an gcinneadh a rinne na Ballstáit na tionscadail a fhorbairt i bhfoirm CPP seachas i bhfoirm traidisiúnta an tsoláthair phoiblí.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil go leor de na conclúidí agus na moltaí nach mbaineann le forbairt tionscadal faoi shamhail CPP amháin agus a bhfuil feidhm acu maidir le forbairt tionscadal bonneagair faoi shamhail CPP nó faoin soláthar bonneagair traidisiúnta.

6. AITHNÍONN SÍ gur ghlac na Ballstáit céimeanna cheana féin chun meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar thionscadail sula ndéanfar cinneadh i bhfabhar an fhoirm CPP.

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil machnamh á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir le bealaí chun simpliú a dhéanamh ar na rialacha chur chun feidhme agus ar na córais bhainistíochta don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile i gcoitinne agus gur príomhthosaíocht é simpliú a dhéanamh ar na hionstraimí caiteachais uile, lena n-áirítear deontais agus ionstraimí airgeadais.

8. IARRANN SÍ AR na Ballstáit agus ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar mholtaí na Tuarascála Speisialta seo agus molann sí dóibh scrúdú cúramach a dhéanamh ar na moltaí sin.